

TOM TIT ESQ.

Bíodh síon agus fliche ann i n-éinfheacht, bíodh grian gheal ann nó séideadh gaoithe bíodh an saoghal go maith nó go dona, bíonn an meanntán gorm go haerach gach uile am, agus níl aon focal is fearr a chuireas i gcéill a shona is a shásta is a bhíonn sé ná an sean rádh “có meidhreacht le meanntán.” Bíonn an chosmhalacht ar an gcuid is mó de na héanacha go bhfuilid an-bheo spreacamhail, ba dóigh leat nach fada leo nóiméad amháin dá saoghal agus i n-aindeoin sin bíonn seasamh a n-anam mar bheadh sé ar snáithín caol agus é chó lag sin go mbriseadh sgannradh obann é uaireannta. Na feithidí beaga seo “a bhfuil baint aca leis an spéir is leis an talamh,” cé déarfais nach aca atá an ceart sult a bhaint as an saoghal agus gan cuir i naghaidh an bháis nuair a thig sé.

Má bhíonn an smólach ceoil a ceileabhradh ar slaitín mullaigh trathnóna buidhe, má bhíonn sé a ceileabhradh dá leath-éan agus í ar an nead, is dóigh linn uaireannta go mbíonn marach an chumha nó bogbhrón is na siollaí fadálach aige. Má éirighir leis an spideog sa bhfógmhar nuair a bhíos an diulleabhar dá sgaoileadh ag na crainnte an t-am a gabhann sí a port le gob dúnta, má éirighir leithe an t-am sin creidfídh tú agus gan neart agat air go bhfuil cumha i lár a croidhe indiaidh an tsamhraidh. Gheobhfadh cloch na mbuadh i nead éin chó réidh is gheobhfá meanntán gruamdha i n-áit ar bith.

An duine a chonnaic ariamh é a’ polladh cairt crainn ar lorg an mhillín mío adhmharaigh ina chodladh fúithe agus an gob-bhualadh dá dhéanamh go tréan aige tuigfeadh sé gur beag buige d’aon rud a d’fillfeadh ina chroidhe agus a laghad truaighe a bhí aige don mhíol bocht. Tá ceithre cineál de na meanntáin coitcheanta againn i nÉirinn, mar atá an meanntán fada, an meanntán mór, an meanntán dubh, an meanntán gorm. Tá ceithre cineáil eile sa mBreatain – is uirthé atá an t-ád – an meanntán curraigh, an meanntán saileog, an meanntán cuirricíneach, agus an meanntán féasógach ach leis an gceird ceart a rádh ní bhaineann an ceann deireannach leis an gcineál seo (paridae). Níl an meanntán corraigh tugtha don chorrach ach oiread leis na cineál eile agus bíonn sé le feiceál có minic is na faltaí is na coillte is a bhíos sé ar an gcorrach. Tá an- chosmhalacht ag an meanntán saileog leis an meanntán corraigh agus is fada iad dá gcur tré chéile ag daoine. An meanntán saileog is beag é a líon de réir na n-ughadar is fearr agus deirtear nach bhfuil sé le fághail ach in áiteannaibh áithride. Ní comhnuigheann an t-éinín aith úd, an meanntán coirriceach taobh amuigh de dhúthaigh fírbheag i nAlbain agus is na coilltibh péine i nGleann Sprey. Is aite arís an meanntán féasógach. Is beag nár cuireadh deireadh ar fad leis an gcineál leis an díthiú a d’imir na mangairí éan air, ach fuair sé faoiseamh beag le goirid a choinneochas slán tamall eile é mar táthar dá chosaint in áiteannaibh ar na Norfolk Broads. Sé ár mbuaic é go bhfuil na ceithre chineál Éireannacha coiteannta go maith. Níl condáe san tír nach bhfuil na ceithre cinn a’ síolrú ann. Sé an meanntán fada an t-aon cheann amháin aca nach mbíonn a nead i bpoll aige.

Sé an foirgeantóir éin is fearr sa mBreatain ná in Éirinn é agus tá a shliocht sin ar a nead. Tá crot uibhe ar a déanamh. Tá cruinn-cheann aniar air de olann, de chaonach agus de sgrath-chloch agus d'abhras dubhán alla is mó an t-adhbhar dá ndéantar í agus iad ar fad fighte ina chéile ina bhfionnadh le fírcheardaidheacht is cliste éan. Is gnáthach an taobh amuich a bheith ar fad beagnach faoi sgratha cloch glasa agus bíonn lineáil de chlumhach ar an taobh istigh. Tógann cearc agus coileach an nead i n-éinfeacht agus caitheann siad lán coigcise uaireanta dá déanamh. Tosuigheann na meanntáin ag cuartú poll a fheilfeadh le haghaidh neide ins na ballaí có luath le mí Eanáir agus é sin ins an dúthaigh aoibhinn seo féin. Na puill feilteamhla níl siad fairsing agus an t-éan a thógas nead i bpoll balla nó crann feileann sé dó a bheith a breathnú roimhe thar mar dhéanfadh éanacha eile. Is furasta na meanntáin bheaga a mhealladh chun nead a thogáil i ngáirdín ach bosga nide a chrochadh dóibh. Sé an meanntáin gorm is tuisge a bhéarfais cuairt air dá bhreathnú agus preabfaidh an meanntán dubh isteach go goiread ina dhiaidh sin fanfaidh an leath-éan taobh amuich agus é a siosgadh cainnte éin.

Clúduigheann an meanntán mór urlár an phuill uile le adhbhar agus b'fhéidir go mbeadh an bun sin níos leithne go mór ná an nead féin. Cuireann sí leabadh bog álainn caoinigh faoin nead, gan bréag, agus i gcúinne den pholl déanann sí logán cupánach le na cliabhrach agus cuireann sí an lineáil d'fhionnadh coimín nó d'fhionnadh a bhailigheann sí de dhruim bó. Is dóigh gur fearrde suaimneas na n-éan óg nuair a thig siad amach an leabaidh fairsing a bheith aca. Chonnaic mé péire meanntán ina gcodladh ar nead agus bhí an dá sgiathán leathnuighthe ag an gcoilichín agus a leath-éan faoi sgiathán aca. Bhí an trom-shuan chó mór ortha nár airigheadar claipín an bhosca dhá árdú agam. Ach go bhféidir Dia ar an mbarr píseáin, níl aon duine cóir gan cion aige ar na meanntáin ces muite den gharradóir. Níl bliain dá dtig nach móidighinn an garradóir go ndúnfaidh sé béal gach puill ar an mballa sul má tig an t-earrach ach an dá luath is a imthigheann an barr píseáin as a chuimhne tá sé a bainnt suilt as cleasa aite na meanntáin arís agus fágtar na puill gan dúnadh. Ar bhuille a ceathair a clog ar maidin tig an mochóiridhe gleoidhte meanntáin a ropadh na síol-chochall agus ramhrúigheann na héin óga dá reir.

Is beag é a bheann ar eangacha mar geall ar laghad a thoisithe agus is lugha ná sin a bheann ar chnagadóirí agus ar fhir bréige mar is éinín misneamhail é. Muna gcuireann tú cupla tríní píseáin dó féin caithfidh tú rogha a dhéanamh idir píseáin agus meanntáin. An uair a leagas tú súil ar ocht gcinn de gearrcachaibh ramhra gan ortha ach an mín-chlumhach agus gan eireaball ar bith ortha agus gur feasach duit gur air do chuid píseáin is mó a tógadh iad is beag nach dtiocfaidh tú ar aon fhocal leis an ngarradóir a admhuigheas go doicheallach gur éiníní deasa siúd.

An díoghbhail a gníos na meanntáin ar an bpíseán crádhfáidh sé tú ach má ghníonn féin bíodh cúiteamh agat mar sluigheann siad lár mór míoltóg. Is mar a chéile beagnach d'uibheacha na meanntán uile agus ní féidir uibheach aon chineáil aca a aithneachtáil tar uibheacha cineal eile. Bíonn dath geal ar na huibheacha ar fad agus fáinne de bhaill dearga timcheall ar cheann ramhar na huibhe sul má séidtear an phlaosg bíonn sgail beag buide-dhearg le feiceál uirthé. Tá an phlaosg chó tanaidhe sin go leigheann sí dath an ghealachán trithe ach maidir leis an nead ní minic a chuireann meanntán dubh clumhach ina nead agus

ní feicfeá go deo nead meanntáin guirm gan clumhach innte. Má bactar le meanntán mór an fhaid a bhíos sí ar an nead déanfaidh sí siosarnach ar nós nathrach nimhe agus de réir mar baintear siosarnach aiste béidh sí dhá suathadh féin aniar chugat, nó go dtraochtar í agus go dtuiteann sí siar arís ar an nead. Ní túisge a bhí a n-ál tógtha ag na meanntáin sa ngarrdha seo againn-ne bliain ná leigeadar do luchóg an t-árus a shealbhú an chuid eile den bhliain gur thóg sí muirghin bhreagh sa nead clumhaigheagus sé an dréimire a bhí aice sgeithín cuirrín a bhí deiseamhail sa gcomhangar.

An coimhthigheach a bhreathnóchadh sa nead d'fheicfeadh sé dhá shúilín dhéag gan de mhéid in aon tsúilín aca ach cairnín bíorán, agus gan cor gan caochadh asta go ndruidfeadh se uatha arís. An bhliain dár gcionn shealbhugh na meanntáin an nead aríst.